

Eleathanach332

Dé Luain 11 Samhain 2019

Movember

Gach mí na Samhna, fásann a lán fear croiméal chun airgead a bhailiú do charthanacht. Is gluaiseacht dhomhanda é.

Déanann na fir seo chun níos mó daoine a chur ar an eolas faoi fhadhbanna na bhfear. Bíonn siad ag iarraidh aird na ndaoine a dhíriú ar shláinte na bhfear chomh maith, agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt dá chéile.

Thosaigh an feachtas san Astráil nuair a rinne grúpa cairde an cinneadh gur theastaigh uathu seanstíl an chroiméil a athbheochan. An bhfuil aithne agat ar aon duine atá ag glacadh páirte in Movember?

MOVEMBER



Teacht an gheimhridh

Tá athrú ollmhór le tabhairt faoi deara san aimsir le déanaí le teacht an gheimhridh. Ní hamháin go bhfuil sé i bhfad níos fuaire, ach tá na tráthnónta ag éirí i bhfad níos dorcha níos luaithe.

Bíonn sé ag stealladh báistí i bhfad níos minice. Ná déanaigí dearmad ar bhur scáthanna báistí agus sibh ag dul amach.

Agus thar an deireadh seachtaine dúirt *Met Éireann* go bhfuil seans ann go mbeidh sneachta againn i rith na seachtaine.

Beirigh an t-uisce!

Ag tús na seachtaine, rinne Uisce Éireann fógra do dhaoine atá ina gcónaí in áiteanna áirithe i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna áirithe i gCill Dara. Dúirt an fógra gur chóir do dhaoine an t-uisce ó na sconnáí a bheiriú sula n-ólfaidh siad é.

Tá tionchar ag an bhfógra seo ar thimpeall 600,000 duine.

Níl an t-uisce go hiomlán sábháilte le hól faoi láthair mar atá sé. Tá súil againn go mbeidh deireadh leis an bhfadhb seo go luath.

